



An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2025
(OR. en)

9332/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0129 (COD)**

**SIMPL 35
ANTICI 40
ECOFIN 594
EF 168
FIN 551
COMPET 420
COH 81
ENV 397
CLIMA 168
TRANS 203
ENER 160
TELECOM 160
CODEC 679**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Bealtaine 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 258 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 258 final.

Faoi iamh: COM(2025) 258 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2025
COM(2025) 258 final

2025/0129 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/1542⁽¹⁾ rannchuidiú le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh, agus drochthionchair ceallraí ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú an tráth céanna. Tá sé d'aidhm aige freisin an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint trí na drochthionchair a bhaineann le giniúint agus bainistiú ceallraí dramhaíola a chosc agus a laghdú. Forchuirtear leis oibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí ar oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar an margadh nó a chuireann i seirbhís iad, chomh maith le nithe eile. Tá na hoibleagáidí sin le cur i bhfeidhm ón 18 Lúnasa 2025.

Bíonn tionchar ag tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú ar shlabhraí soláthair amhábhair ceallraí. Fágann sé sin go bhfuil go leor dúshlán roimh thionscal na gceallraí go háirithe maidir le hamhábhair a fhoinsiú. Tá am ag teastáil chun anailís a dhéanamh ar shlabhraí soláthair agus chun iad a choigeartú.

Thairis sin, ceann de na hoibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí is ea go bhfíoraíonn comhlacht faoina dtugtar fógra beartais díchill chuí na n-oibreoirí eacnamaíocha maidir le ceallraí ('fíorú tríú páirtí'). Níl ceaptha ach ag thart ar leath de na Ballstáit údarás a thugann fógra, ar údarás é atá i gceannas ar mheasúnú agus faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, agus fógra a thabhairt fúthu. In go leor cásanna, bheadh iarratais den sórt sin bunaithe ar chreidiúnú, ach ní raibh comhlachas an Chomhair Eorpaigh don Chreidiúnú in ann caighdeán a chinneadh maidir le creidiúnú comhlachtaí faoina dtugtar fógra le haghaidh dícheall cuí maidir le ceallraí. Ina ionad sin, thug sé le fios gur cheart é sin a bheith ag brath ar scéimeanna arna bhformheas ag an gCoimisiún Eorpach.

Meastar go mbeidh ról tábhachtach ag scéimeanna díchill chuí atá á bhforbairt ag comhlachais tionscail agus ag grúpálacha d'eagraíochtaí leasmhara i gcur chun feidhme na n-oibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí. Tá na forálacha maidir le scéimeanna den sórt sin i Rialachán (AE) 2023/1542 ar aon dul le forálacha Rialachán (AE) 2017/821, a bhfuil roinnt scéimeanna á measúnú lena n-aithint ina leith, ach níor aithníodh aon scéim go dtí seo. Ní mór scéimeanna lena dtugtar aghaidh ar amhábhair ceallraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh agus ansin ní mó iad a chur tríd an bpróiseas aitheantais le haghaidh scéimeanna faoi Rialachán (AE) 2023/1542.

Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 94(4) de Rialachán (AE) 2023/1542 ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, bliain amháin tar éis ghlacadh Threoir (AE) 2024/1760 maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáideach⁽²⁾, ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le leasuithe ar na hoibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí i bhfianaise ghlacadh na Treorach sin. Cé go bhfuil sé róluath le haghaidh measúnú den sórt sin, go háirithe toisc gur mhol an Coimisiún leasuithe ar Threoir (AE) 2024/1760 an 26 Feabhra 2025, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chomhsheasmhacht sa chur chun feidhme trí na treoirlínte le haghaidh an dá phíosa reachtaíochta a fhorbairt le chéile, más féidir sin a dhéanamh i bhfianaise na ndátaí cur i bhfeidhm.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE ([IO L 191, 28.7.2023, lch. 1](#)).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 ([IO L, 2024/1760, 5.7.2024, lch. 1](#)).

Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún gur cheart dáta chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí a shonraítear in Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2023/1542 a chur siar 2 bhliain chun gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar mhargadh an Aontais a bheith níos ullmhaithe, agus cuidiú á fháil acu ó threoirlínte, agus chun go mbeidh am ann chun deacrachtaí a bhaineann le hinfhaighteacht comhlachtaí faoina dtugtar fógra a réiteach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Bhí glacadh Rialachán (AE) 2023/1542 ina dhlúthchuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus tá sé comhleanúnach lena chuspóirí foriomlána agus leis na tionscnaimh uile a forbraíodh faoi. Ní leasaítear leis an togra seo aon riail shubstainteach de Rialachán (AE) 2023/1542, níl d'aidhm aige ach am breise a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar mhargadh an Aontais a bheith níos ullmhaithe agus deacrachtaí a bhaineann le hinfhaighteacht comhlachtaí faoina dtugtar fógra a réiteach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Le Treoir (AE) 2024/1760 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach, leagtar síos rialacha agus oibleagáidí chun a áirithiú go sainaithneoidh cuideachtaí drochthionchair fhéideartha agus iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ina n-oibríochtaí féin, in oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, nuair a bhaineann siad lena slabhraí gníomhaíochtaí, in oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó, agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar na drochthionchair sin.

Glacadh Treoir (AE) 2024/1760 tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2023/1542. Sonraítear ann go mbeidh an Treoir 'gan dochar d'oibleagáidí i réimsí chearta an duine, cearta fostaíochta agus sóisialta, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile an Aontais' agus 'má thagann foráil de chuid na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, gur cheart forlámhas a bheith ag foráil an ghnímh reachtaigh eile sin an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí sonracha sin.' Is amhlaidh atá i gcás cheanglais níos sonraí an bheartais díchill chuí maidir le ceallraí i Rialachán (AE) 2023/1542. Dá bhrí sin, ní mór d'oibreoirí sa slabhra soláthair ceallraí beartas díchill chuí maidir le ceallraí i Rialachán (AE) 2023/1542 a chur i bhfeidhm a mhéid atá sé níos fairsinge nó níos sonraí, in ionad na bhforálacha coibhéiseacha i dTreoir (AE) 2024/1760 le haghaidh na gcéimeanna slabhra soláthair agus na mianraí a shonraítear. Le haghaidh oibríochtaí eile, ní mór d'oibreoirí atá faoi raon feidhme an dá ghníomh reachtacha rialacha Threoir (AE) 2024/1760 a leanúint.

Tá roinnt gnéithe ann nach bhfuil oibleagáidí díchill chuí Rialachán (AE) 2023/1542 comhchuí le forálacha Threoir (AE) 2024/1760 ina leith. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil Rialachán (AE) 2023/1542 táirgeshonrach agus go bhfuil Treoir (AE) 2024/1760 trasearnálach.

Tugtar aghaidh sa togra seo ar chomhsheasmhacht a mhéid is féidir trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar dhátaí foilsithe na dtreoirlínte faoin dá phíosá reachtaíochta ionas gur féidir iad a fhorbairt le chéile.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Le hoibleagáidí díchill chuí ar oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar an margadh nó a chuireann i mbun seirbhíse iad, ba cheart drochthionchair ceallraí ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú agus luachshlabhra ceallraí inbhuanaithe a áirithiú. Cuideoidh bearta den sórt sin leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais a áirithiú. Leis na bearta ba cheart rannchuidiú freisin le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh, agus ardleibhéal cosanta don chomhshaol á chur san áireamh ag an am céanna. Chun éagsúlachtaí a chuireann bac ar shaorchúrsaíocht ceallraí a chosc, ba cheart Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a úsáid mar bhunús dlí don togra.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ós rud é gur gá Rialachán (AE) 2023/1542 a mhodhnú trí chur i bhfeidhm a oibleagáidí díchill chuí a chur siar, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach iad féin.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, i.e. ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a chomhlíonadh, go háirithe feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Mar is amhlaidh leis an tástáil coimhdeachta, ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna gan togra chun dáta chur i bhfeidhm oibleagáidí díchill chuí Rialachán (AE) 2023/1542 a leasú.

- **An rogha ionstraime**

Ní leasaítear leis an togra Rialachán (AE) 2023/1542 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola ach amháin a mhéid a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm a chur siar. Ba cheart, dá bhrí sin, gurb é an cineál céanna gnímh atá ann, i.e. rialachán.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

Rinneadh measúnú tionchair le haghaidh an togra as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2023/1542. Ní leasaítear leis an togra seo ach dáta chur i bhfeidhm oibleagáidí díchill chuí Rialachán (AE) 2023/1542.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is é príomhspríoc an togra seo dáta chur i bhfeidhm oibleagáidí díchill chuí Rialachán (AE) 2023/1542 a chur siar 2 bhliain chun gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar mhargadh an Aontais a bheith níos ullmhaithe, agus cuidiú á fháil acu ó threoirlínte, agus chun gur féidir deacrachtaí maidir le fíorú tríú páirtí a réiteach.

Ní athraíonn an togra substaint na rialacha, ní dhéanann sé ach dáta a gcur i bhfeidhm a chur siar.

- **Ceartha bunúsacha**

Neamhbhainteach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, leagtar amach oibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí lena gcumhdaítear foinsiú, próiseáil agus trádáil cóbailt, graifíte nádúrtha, litiam agus nicile a úsáidtear chun ceallraí a mhonarú. Tá na hoibleagáidí díchill chuí sin le cur i bhfeidhm ón 18 Lúnasa 2025.
- (2) Tráth a bhíonn an tírdhreach geopholaitiúil ag síorathrú, ní mór dúshlán éagsúla a shárú, lena n-áirítear dúshlán a bhaineann le foinsiú amhábhair. Teastaíonn am ó mhonaróirí ceallraí chun anailís a dhéanamh ar a slabhraí soláthair agus chun iad a choigeartú mar thoradh air sin, i gcás inar gá.
- (3) Áirítear ar na hoibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí ceanglais maidir le fíorú tríú páirtí arna dhéanamh ag comhlachtaí faoina dtugtar fógra. Mar sin féin, tá ainmniú comhlachtaí faoina dtugtar fógra le haghaidh beartais díchill chuí maidir le ceallraí ag tógáil níos mó ama ná mar a bhí coinne leis. Le scéimeanna díchill chuí arna n-aithint ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2023/1542, d'éascófaí obair oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí faoina dtugtar fógra. Mar sin féin, ní mór scéimeanna díchill chuí lena dtugtar aghaidh ar amhábhair ceallraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh, agus iad a chur tríd an bpróiseas aitheantais ina dhiaidh sin.

⁽¹⁾ IO C [...], [...], lch. [...]

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE ([IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/2024-07-18](https://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/2024-07-18)).

- (4) Chun dóthain ama a chur ar fáil chun fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus chun go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar an margadh in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na mbeartas díchill chuí maidir le ceallraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1542 a chur siar 2 bhliain.
- (5) Le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾, leagtar síos rialacha agus oibleagáidí chun a áirithiú go sainaithneoidh cuideachtaí drochthionchair fhéideartha agus iarbhrí ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ina n-oibríochtaí féin, in oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí gníomhaíochtaí, in oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó, agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar na drochthionchair sin.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 48(5) de Rialachán (AE) 2023/1542, tá an Coimisiún le treoirlínte a fhoilsiú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceanglas díchill chuí maidir le ceallraí. I gcomhréir le hAirteagal 19(2), pointe (a) de Threoir (AE) 2024/1760, tá an Coimisiún le treoirlínte a chur ar fáil a mhéid a bhaineann le treoraíocht agus dea-chleachtais maidir le conas dícheall cuí a dhéanamh. Tá comhsheasmhacht idir Rialachán (AE) 2023/1542 agus Treoir (AE) 2024/1760 tábhachtach le haghaidh cuideachtaí sa slabhra soláthair ceallraí. Dá bhrí sin, ba cheart comhchuibhiú a dhéanamh ar na dátaí ábhartha le haghaidh fhoilsiú agus chur ar fáil na dtreoirlínte sin.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1542 a leasú dá réir.
- (8) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 18 Lúnasa 2025 chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le dáta chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí díchill chuí faoi Rialachán (AE) 2023/1542,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542

Leasaítear Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2023/1542 mar a leanas:

i mír 1, cuirtear ‘18 Lúnasa 2027’ in ionad ‘18 Lúnasa 2025’;

i mír 5, cuirtear ‘26 Iúil 2026’ in ionad ‘18 Feabhra 2025’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 18 Lúnasa 2025.

⁽³⁾ Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorpáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 ([IO L, 2024/1760, 5.7.2024, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj](https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj)).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
[...]

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An réimse beartais: 03 An Margadh Aonair, 03 02 01 01 – An margadh inmheánach earraí agus seirbhísí a oibriú agus a fhorbairt

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Tionchair chomhshaoil agus shóisialta a laghdú trí fhoinsiú freagrach.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

A áirithiú gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha forálacha díchill chuí maidir le ceallraí i Rialachán (AE) 2023/1542, lena n-áirítear fíorú tríú páirtí, a chur chun feidhme i gceart.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Beidh níos mó ama ag cuideachtaí chun ullmhú do chur chun feidhme oibleagáidí díchill chuí, lena n-áirítear fíorú tríú páirtí. Chomh maith leis sin, fágfaidh sé go mbeidh an Coimisiún in ann comhleanúnachas le cur chun feidhme fhorálacha Treoir (AE) 2024/1760 a áirithiú, ar leibhéal na treoraíochta.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Tá na táscairí le haghaidh Rialachán (AE) 2023/1542 fós mar an gcéanna.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹**

☒ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

⁽¹⁾ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Tá na hoibleagáidí fós mar an gcéanna leis na hoibleagáidí le haghaidh Rialachán (AE) 2023/1542, ach tá an amlíne athraithe.

- 1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Ós rud é gur gá Rialachán (AE) 2023/1542 a mhodhnú, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach iad féin. Tá an breisluach AE fós mar an gcéanna.

- 1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Cuireadh cur i bhfeidhm fhorálacha díchill chuí Rialachán (AE) 2023/1115 siar freisin. Rinneadh é sin laistigh de 3 mhí tar éis an togra ón gCoimisiún.

- 1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Níl dhéantar aon difear don chreat airgeadais ilbhliantúil.

- 1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Níl gá le maoiniú ná athshannadh.

- 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☒ **tréimhse theoranta**

☒ i bhfeidhm ón 18/8/2025 go dtí an 18/8/2027

☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

- 1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme⁽²⁾

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

⁽²⁾ Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>.

- ☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:
 - ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
 - ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
 - ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
 - ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
 - ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
 - ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh;
 - ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha;
 - ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
 - ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Neamhbhainteach - Níl gá le maoiniú ná athshannadh.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Ní bhaineann le hábhar

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Ní bhaineann le hábhar

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí

gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Ní bhaineann le hábhar

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Ní bhaineann le hábhar

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁽¹⁾	ó thíortha de chuid CSTE ⁽²⁾	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha ⁽³⁾	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
gan ceannteideal						

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile

⁽¹⁾ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁽²⁾ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁽³⁾ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

				is iarrthóirí ionchasacha		
gan ceannteideal						

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil			Uimhir				
Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021- 2027
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000
	Íocaíochtaí	(2a)					0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000

Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁽⁴⁾							
Líne bhuiséid		(3)					0,000
IOMLÁN na leithreasuithe i gcomhair AS <.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Ard-Stiúrtóireacht: <.....>			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021- 2027
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000
	Íocaíochtaí	(2a)					0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁽⁵⁾							

